

Scrúdú na hArdteistiméireachta 2015

An tSraith Pictiúr 2015

Sraith Teideal

1 Laethanta Saoire
2 Imreoir Gortaithe
3 Na Déagóirí Cróga
4 Obair dhian: torthaí maithe san Ardteistiméireacht
5 Ag Téacsáil sa Rang
6 An Ghaeilge - seoid luachmhar agus cuid dár gcultúr
7 Mo cheol thú! Mo cheol sibh
8 Tine sa Seomra Eacnamaíocht Bhaile
9 Ag Campáil Cois Farraige
10 Fadhbanna Sóisialta ag Cur Isteach ar Déagóirí
11 Robáil Bainc
12 Lá ag Cluiche Rugbaí i Stade de France
13 Turas Scoile
14 Obair Dheonach
15 Ag toghadh scoláire na bliana
16 Teip sa Scrúdú Tiomána
17 Bua sa Seó Tallainne
18 Bronntanas Costasach
19 Sláinte na n-Óg: Seachtain na Sláinte
20 Samhradh Iontach

Laethanta Saoire



Pictiúr 1

Bheartaigh triúr cara, Deirdre, Máire, agus Edel dul ar a laethanta saoire chuig Tenerife. Fuair siad tacsáí chomh fada le hAerfort Bhaile Átha Cliath. D'íoc Deirdre as an tiománaí tacsáí, agus ghabh siad ar fad buíochas leis. Bhí sceitimíní orthu agus iad ag smaoineamh ar na laethanta saoire a bhí amach rompu.

Pictiúr 2

Chuaigh siad isteach san Aerfort agus lean siad na comharthaí go dtí na heitiltí amach. Chuaigh siad go dtí deasc na heitilte. Bhí ríméad an domhain orthu leis an tseirbhís chabhrach chairdiúil a fuair siad ag an deasc. Fuair gach duine acu a bpas bordála, agus fágadh na málaí ag an deasc.

Pictiúr 3

Bhí am sa bhreis ag na cailíní, mar sin, bheartaigh siad dul isteach chuig siopa caife i gcóir cupán caife. Bhí an triúr acu ag smaoineamh, agus ag caint faoina laethanta saoire. Bhí siad go léir ag smaoineamh ar na tránna bána, agus ar an aimsir iontach, a bheadh ag fanacht orthu i gceann cúpla uair an chloig.

Pictiúr 4

Baineadh geit astu nuair a shroich siad a lóistín i dTenerife. Bhí an t-árasán go hálainn. Bhí linn snámha príobháideach acu taobh thiar de. Bheidís in ann luí faoin ngrian ar na cathaoireacha gréine chomh maith. Níos tábhachtaí fós bhí scáth gréine curtha ar fáil dóibh freisin chun iad a chosaint ó bhaol na gréine.




Pictiúr 5

Chuaigh siad go dtí an trá níos déanaí an lá sin. Ba thrá álainn ghainmheach í, a bhí lán le turasóirí eile. Bhí gníomh ann do gach duine. Bhí daoine áirithe amuigh ag snámh nó ag seoltóireacht san fharraige, D'fhán daoine eile ina luí faoin ngrian ar an trá. Bhí cluiche eitpheile ar siúl do dhaoine eile a raibh an fuinneamh iontu páirt a ghlacadh ann. B'iontach an lá scléipeach gníomhach é.

Pictiúr 6

Bhí na cailíní stiúgtha leis an ocras i ndiaidh an lae agus mar a deir an seanfhocal 'is maith an t-anlann an t-ocras'. Bhí béile breá blasta acu i mbialann áitiúil. Ina dhiaidh sin, thug siad cuairt ar an dioscó. Bhí soilse ildathacha ag lonradh ar fud na háite, agus bhí ceol Mheiriceá Laidinigh á seinm ag fear an tí. B'iontach an dioscó é, agus thaitin an oíche thar cionn leis na cailíní ar fad.

Imreoir Gortaíthe



Pictiúr 1

Tráthnóna Aoine a bhí ann. Bhí sé thart ar a haon a chlog nuair a cuireadh tús leis an gCluiche Ceannais iománaíochta. Bhí an seastán lán le lucht tacaíochta an dá fhoirne. Bhí sé ag druidim i dtreo leath-ama agus ní raibh mórán idir an dá fhoireann. Bhí Scoil na mBráithre dhá chúilín chun tosaigh ar Choláiste Phádraig agus bhí an t-atmaisféar leictreach ar fad.

Pictiúr 2

Bhí Scoil na mBráithre ar an ionsaí agus bhí seilbh an tsliotair ag Gearóid Ó Muirí. Tháinig cosantóir Cholóiste Phádraig amach chuige agus thug sé buille uafásach dó trí thimpiste. Buaileadh é ar an gcos agus ba léir go raibh sé i bpian sa chaoi a raibh sé ina chnap ar an talamh. Stopadh an cluiche agus tháinig an bainisteoir isteach ar an bpáirc chun cabhrú leis.

Pictiúr 3

Tógadh Gearóid go dtí an Roinn Timpiste agus Éigeandála san ospidéal réigiúnach. Bhí gach duine buartha faoi. Fágadh é ar shínteán sa halla. B'áit ghnóthach í, agus de bharr an chúlú eacnamaíochta agus na ciorruithe, ní raibh ach foireann bheag ag obair ann.

Pictiúr 4

Bhí Gearóid ag fanacht go dtí a cúig a chlog go dtí gur tháinig banaltra chun labhairt leis. Bhí an bainisteoir ar deargbhuile faoin tseirbhís phrimítibheach seo. Labhair sé go mífhoighneach leis an mbanaltra faoina mhíshástacht leis an moille. Gheall an bhanaltra leo nach mbeidís ag fanacht le fada eile.

Pictiúr 5

Faoi dheireadh cuireadh plástar Pháras ar chos Ghearóid agus bhí cruinniú aige leis an dochtúir comhairleach. Dúradh leis go raibh a chos briste go dona agus go mbeadh air sos fada a thógáil ón spórt. Ba bhuille thubaisteach é seo do Ghearóid. Bhí sé in umar na haimléise leis an nuacht seo.

Pictiúr 6

Bhí an-chuid smaointe ag dul trí intinn Ghearóid sna laethanta i ndiaidh a ghortaithe. Bheadh air sos a thógáil ar feadh cúig mhíosa. Bhí sé ag smaoineamh ar fhicheall a phiocadh suas mar chaitheamh aimsire idir an dá linn. Ní raibh sé sásta ach ní raibh aon neart air. Is dócha go raibh an seanfhocal seo oiriúnach dó 'Is den tsuáilce an fhoighne'

Na Déagóirí Cróga



Pictiúr 1

Lá fliuch geimhridh a bhí ann. Bhí sé ag caitheamh sceana gréasaí taobh amuigh. Bhí tuillte móra ar an tsráid taobh amuigh ag ardú go leibhéal dainséarach. Bhí Mícheál tar éis a bheith tinn ar feadh cúpla lá. Faraor, bhí sé tinn sa leaba ar feadh an lae.

Pictiúr 2

D'éirigh Mícheál ón leaba mar bhí deoch ag teastáil uaidh sa chistin. Níor chreid sé fianaise a shúile nuair a shiúil sé isteach sa chistin. Bhí uisce gach áit ar fud an urláir. Bhí sé beagnach troithe amháin i ndoimhneacht.

Pictiúr 3

Chuaigh Mícheál chomh fada leis an bhfuinneog. Baineadh preab uafásach as nuair a chonaic sé cé chomh domhain is a bhí na tuilte ar an tsráid. Bhí beirt dhéagóir, Eimear agus Eamonn, ina suí ar bhalla cloiche ard ar an taobh eile den tsráid. Ar ámharáí an tsaoil chonaic siad cruachás Mícheál. Cé go raibh na tuilte an-chontúirteach, thuig siad láithreach, go mbeadh orthu rud éigin a dhéanamh.

Pictiúr 4

Chuir Eimear glao fóin ar an mbriogáid dóiteáin. Dúirt sí leo teacht go tapaigh mar bhí leibhéal an uisce ag ardú go tapaigh. Dúirt sí leo go raibh Mícheál ar Shráid na hAbhann. Shiúil Eamonn trasna tríd an uisce chuig Mícheál chun cabhrú leis. Bhí Mícheál thar a bheith buíoch de. Dúirt Eamonn go bhfanfadh sé leis cé go raibh sé faiteach agus eaglach faoi na tuilte dainséaracha.

Pictiúr 5

Tháinig an bhriogáid dóiteáin ar dheireadh thiar thall. Ceapadh gur thóg siad an tsíoraíocht le teacht ach i ndáiríre bhí siad an-tapaigh. Shúigh siad go leor uisce ón tsráid leis an bpiobán mór a bhí acu. Íslíodh leibhéal an uisce go gairid. Tharraing fear dóiteáin amháin Mícheál as an bhfuinneog. Bhí ríméad an domhain ar gach duine go raibh sé slán.

Pictiúr 6

Tógadh Mícheál go dtí an t-ospidéal. Bhí sé fós an-tinn ach an-bhuíoch gur éirigh leis éalú ón teach sábháilte. Thug Eamonn agus Eimear cuairt air. Ghabh Mícheál buíochas leis an mbeirt acu as ucht a ngaiscíochta agus a gcrógachta a thaispeáin siad. Bhí Eimear umhal agus dúirt sí leis 'ná habair é'. Bhí áthas ar Eamonn agus dúirt sé 'ní fada go mbeidh tú sa bhaile arís a Mhichíl'

Obair dhian: torthaí maithe san Ardteistiméireacht



Pictiúr 1

Bhí cruinniú ag Aoife leis an múinteoir gairmthreorach. Dúirt sí leis an múinteoir go raibh eolas ag teastáil uaithe mar bhí sé ar intinn aici ceimic a déanamh i nGaillimh an bhliain i ndiaidh na hArdteistiméireachta. Dúirt an múinteoir léi go mbeadh ceithre chéad phointe ag teastáil uaithe. Bheadh obair na gcapall ag teastáil uaithe do phointí chomh hard leis sin.

Pictiúr 2

Bhuail Aoife lena cara Lisa i ndiaidh scoile an lá sin. D'iarr Lisa ar Aoife ar mhaith léi dul ag siopadóireacht an oíche sin. Bhí comhairle an mhúinteora ghairmthreoraí fós ar intinn ag Aoife. Dúirt sí le hAoife go raibh brón uirthi agus gur cheart di dul abhaile mar bhí a lán obair bhaile le déanamh aici.

Pictiúr 3

Chuir Seán glao fóin ar Aoife. Dúirt sé le hAoife go mbeadh scannán iontach ar siúl i bPictiúrlann an Savoy an oíche sin ar a hocht a chlog. Cé go raibh suim ag Aoife dul ann dúirt sí go raibh brón uirthi le Seán. Bheartaigh Aoife go mba cheart di an aiste sin a chríochnú. Smaoinigh sí ar an seanfhocal 'an té a chuireann san earrach bainfidh sé san fhómhar'.

Pictiúr 4

D'fhan Aoife ina seomra ag obair go dícheallach don deireadh seachtaine. B'annamh a thóg sí sos fiú. Bhí athair Aoife buartha fúithi. Cheap sé go mbeadh sos agus aer úr ag teastáil óna iníon. Cheap a máthair go mbeadh sí go breá. Ní raibh ach cúpla mí fágtha go dtí an Ardteistiméireacht agus ba chailín ciallmhar í Aoife dar léi.


Pictiúr 5

Tháinig lá na cinniúna ar deireadh thiar thall. Bhí idir sceitimíní agus bhuaire ar Aoife nuair a bhí a torthaí á n-oscailt aici. Bhí sí ar mhuin na muice nuair a fuair sí ceithre chéad caoga pointe. Ní raibh sí ag súil lena leithéid. Dúirt mam go raibh sé iontach ar fad agus ba í an tuairim choitianta go raibh na gráid iontacha tuillte go maith aici.

Pictiúr 6

Tháinig Mí Meán Fómhair go tapaidh agus ní raibh sé fada go raibh Aoife ag freastal ar a céad lá ag an ollscoil. Bhí sí cineál neirbhíseach ag tosú amach ar an turas suimiúil spráíúil seo dá saol óg. "Táim anseo ar deireadh" a smaoinigh sí léi féin. Bhí uirthi clárú ar an gcéad mhaidin don chúrsa eolaíochta in Ollscoil na Gaillimhe. 'Tús maith leath na hoibre' a bhí ag dul trína hintinn.

Ag Téacsáil sa Rang



Pictiúr 1

Maidin Dé Céadaoin a bhí ann. Bhí Múinteoir Ní Bhriain ag obair go dian dícheallach sa seomra ranga. Bhí cothromóidí comhuaineacha á múineadh aici sa rang matamaitice. D'éirigh léi aird na ndaltaí ar fad a dhíriú ar an obair a bhí idir lámha aici agus bhí sí bródúil aisti féin go raibh tuiscint mhaith acu ar an topaic.

Pictiúr 2

Tugadh tasc do na daltaí. Bhí orthu leanúint ar aghaidh agus cúpla cothromóid a oibriú amach ina n-aonar. Ní raibh oiread is focal as éinne sa rang. In áit díriú isteach ar an obair, thosaigh Liam ag téacsáil i ngan fhios don mhúinteoir. Bhí cóisir tí á eagrú aige nuair a bheadh a thuistí as baile. Bhí sceitimíní air.

Pictiúr 3

Nuair a shiúil an múinteoir timpeall an ranga tháinig sí ar Liam ag téacsáil. Las a haghaidh le fearg. Bhí sí ar deargbhuile leis. Thug sí leasú na leidhbe dó agus thóg sí an fón uaidh. Dhearg Liam ó chluas go cluas. Thuig sé ar an bpointe boise go raibh a phort seinnte.

Pictiúr 4

Díreach i ndiaidh an ranga bhí ar Liam dul isteach go hOifig an Phríomhoide. Ba bhean chancrach í agus níor ghlac sí le drochiompar ar bith. Léigh sí amach na rialacha dó agus chuir sí béim ar mheas agus do dhaoine a bheith ag cur isteach ar dhaoine eile. Bhí a fhios ag Liam go raibh sé i dtrioblóid mhór anois agus ní raibh sé ach tar éis tosú.


Pictiúr 5

Ghlaoigh an príomhoide abhaile agus mhínigh sí do mháthair Liam céard go díreach a bhí tar éis tarlú. Chuir an t-eolas seo déistin agus sceon ar mháthair Liam. Bhí náire uirthi chomh maith. Dúirt sí go dtiocfadh sí isteach ar scoil láithreach chun an fhadhb a réiteach.

Pictiúr 6

Fuair Liam íde béil óna mháthair in Oifig an Phríomhoide. Chuir sí in iúl dó nach raibh sí sásta leis agus go raibh sé de cheart aige a bheith ag díriú isteach ar a chuid staidéir. Leag an príomhoide béim ar na rialacha arís. Bhí dea-shampla ag teastáil uaithe do na gasúir óga agus ní raibh an dara rogha aici ach Liam a chur ar fionraí ar feadh an lae. Ghabh Liam leithscéal léi agus bhí brón an domhain air. Mar a deir an seanfhocal 'tar éis a thuigtear gach beart'.

An Ghaeilge – seoid luachmhar agus cuid dár gcultúr



Pictiúr 1

Sa chéad phictiúr, bhí Eoin agus Aoife ar an tsráid agus feicimid iad taobh amuigh de shiopa ceoil. Bhí a lán úirlísí ceoil ar taispeánt ar an bhfuinneog, úirlísí cosúil le cláirseach, consairtín, bosca ceoil, bainseó agus bodhrán. Chonaic siad comhartha ar an doras, 'Sladmhargadh na Cásca', agus bhí áthas ar Aoife go raibh an comhartha scríofa as Gaeilge. Dar le hEoin, bhí sé de dhualgas ar dhaoine óga na tíre an Ghaeilge a chur chun cinn.

Pictiúr 2

Níos deanaí nuair a bhí Eoin agus Aoife ar an suíomh idirlín Facebook, chonaic siad fógra faoi thuras chun na Gaeltachta. Bhí áthas orthu é seo a fheiceáil agus shocraigh siad ansin go rachaidís le chéile chun na Gaeltachta.

Pictiúr 3

I bpictiúr a trí, feicimid iad ag labhairt as Gaeilge agus ag baint taitnimh as. Chomh maith leis sin, bhí siad ag imirt eitpheile ar an trá agus an ghrian ag spalpadh anuas orthu. Feicimid bád ar an uisce freisin. San oíche, bhí céilí acu sa halla agus bhí an-chraic agus spraoi acu ag rince. Níl aon amhras ach gur bhain siad an-taitneamh as an gcoláiste Gaeilge.

Pictiúr 4

Níos déanaí sa bhliain, nuair a bhí Eoin agus Aoife ar ais ar scoil, d'eagraigh siad ciorcal cainte sa Ghaeilge ag am lóin. 'Séard a bhí i gceist leis seo ná gur tháinig cairde ón rang le chéile ag am lóin chun Gaeilge a labhairt go neamhfhoirmiúil. D'fhoghlaim na daltaí a lán Gaeilge as seo gan dabht, ach ag an am céanna, bhí sé taitneamhach!

Pictiúr 5

Ansin, thosaigh cairde leo ag taispeánt níos mó suime sa Ghaeilge. Bhí cara amháin ag éisteacht le Raidió na Gaeltachta ar ipod agus bhí Eoin agus a chara ag féachaint ar TG4 le chéile. Dúirt Eoin gurbh fhiú go mór féachaint ar TG4 chun feabhais a chur ar do chuid Gaeilge.

Pictiúr 6

Ansin i bpictiúr a sé, bhí bronnadh na ngradam ar siúl sa scoil. Bronnadh gradam speisialta ar Eoin agus Aoife as an nGaeilge a neartú sa scoil agus sa cheantar. Bhí an bheirt acu thar a bheith bródúil nuair a thug an príomhoide an gradam dóibh. Is cinnte gur thuig na daltaí seo luach na Gaeilge agus go raibh siad mórtasach as an teanga a labhairt agus a chur chun cinn.

Mo cheol thú! Mo cheol sibh



Pictiúr 1

Bhí múinteoir díograiseach darb ainm an tUasal Ó Sé ag obair i gColáiste Phádraig. Bhí an-suim aige sa cheol agus chuir sé grúpa ceoil isteach ar Fhleá an Chontae. Cuireadh fógra suas ar an mballa chun suim na ndaltaí a spreagadh sa ghrúpa ceoil traidisiúnta seo. Bheadh cleachtadh ar siúl ag am lóin agus tar éis scoile gach Luan agus Céadaoin. 'Cleachtadh a dhéanann máistreacht' a dúirt an tUasal Ó Sé leis na déagóirí.

Pictiúr 2

Ba mhór an dua a chaith na déagóirí i dteannta an mhúinteora cheoil gach tráthnóna ag cleachtadh. Bhí siad ag feabhsú diaidh ar ndiaidh agus bhí an-tallann sa ghrúpa. Cheap an tUasal Ó Sé gur cheart go mbeadh ceathrar ball sa ghrúpa agus bhí sé sásta le meascán de thrí uirlis. Ba iadsan an veidhlín, an fheadóg stáin agus an fheadóg mhór.

Pictiúr 3

Deirtear nach bhfuil saoi gan locht. Níl ceoltóir gan locht ach an oiread. Bhuel, sin cad a cheap Ciara ar aon nós. Chuir sí an-iarracht isteach leis an ullmhúchán agus b'fhiú go mór é don lá dár gcionn. Chaith sí uair sa bhreis i ndiaidh gach duine eile a bheith imithe chun barr feabhais a chur ar a port. Ní raibh sí ag iarraidh an grúpa a ligean síos ar an lá mór.

Pictiúr 4

Bhí ceithre ghrúpa san iomaíocht i gcatagóir an ghrúpa thraidisiúnta ag Fleá an Chontae. Bhí iomaíocht ghéar ann idir na grúpaí. Dúirt an moltóir go raibh siad go léir ar fheabhas agus go raibh obair mhór déanta acu. Bhí lúcháir an domhain ar dhaltaí Choláiste Phádraig nuair a fógraíodh iad mar bhuaiteoirí. Ar aghaidh leo ansin go dtí Fleá an Chúige. Bhí caighdeán an cheoil níos fearr fós ansin. B'iontach an phribhléid do Choláiste Phádraig é sin a bhuachan freisin.



Pictiúr 5

Rinne na ceoltóirí agus a lucht tacaíochta an turas fada ó thuaidh go Leitir Ceanainn d'Fhleá Cheoil na hÉireann. Bhí idir sceitimíní agus bhuairt ar na hiomaitheoirí. Ba bheag nár thit siad i laige nuair a fógraíodh iad mar bhuaiteoirí. Chuaigh a lucht tacaíochta i bhfiáin agus bhí atmaisféar iontach sa halla. Chreidfí anois an seanfhocal 'níl bua gan dua'. Eagraíodh ceolchoirm dóibh ar ais ar scoil.

Pictiúr 6

Tháinig slua mór amach don cheolchoirm ar scoil. Sheas an príomhoide agus dúirt sé leis an lucht féachana gur bhua stairiúil é don scoil agus go raibh an moladh tuilte ag an Uasal Ó Sé, ag na ceoltóirí agus ag na tuismitheoirí. Labhair an tUasal Ó Sé chomh maith. Dúirt sé gurbh é an obair chomhoibritheach a rinne an t-éacht. Ghabh sé gach rath is séan ar na buaiteoirí. Ghabh na ceoltóirí buíochas le gach duine a bhí i láthair agus ansin cuireadh tús le hoíche iontach ceoil.

Tine sa Seomra Eacnamaíocht Bhaile



Pictiúr 1

Maidin Dé Luain a bhí ann agus bhí rang dubailte ag na daltaí leis an múinteoir eacnamaíocht bhaile, iníon Uí Bhriain. Chuir na daltaí a naprúin orthu agus bhí gach duine sceitimíneach leis an tasc a bhí idir lámha acu. 'Tús maith leath na hoibre', a dúirt Peadar agus Pól leo féin nuair a chuir siad an friochtán ar an sorn.

Pictiúr 2

I bhfaiteadh na súl d'éirigh lasracha móra millteacha as an bhfriochtán. Ba bheag nár thit Pól i laige leis an ngeit uafásach ar baineadh as. Phléasc Iníon Uí Bhriain amach ag screadaíl. "Amach, amach" a scread sí in ard a cinn is a gutha. An-iomarca ola ar an bhfriochtán ba chúis leis an tine dar léi.

Pictiúr 3

Bhí Iníon Uí Bhriain ag crith le heagla. Bhí a haghaidh chomh dearg le tráta agus bhí a cosa chomh lag le sicín. Bhí a fhios aici go raibh an t-aláram dóiteáin ar an mballa. Bhuail sí é le buille amháin agus rinne sí smidiríní den ghloine. Bhí an t-aláram le cloisteáil ansin ar fud na háite. Bheadh a fhios ag gach duine go raibh tine sa scoil.

Pictiúr 4

Gan a thuilleadh moille, tháinig an príomhoide ar an gcóras fógraí poiblí, a rá leis na daltaí dul amach go mall. Bhí na daltaí iontach béasach agus eagraithe le linn na heachtra. Bailíodh na daltaí ina ranganna taobh amuigh sa chlós ag an ionad tionóil agus glaoth na rollaí. Bhí gach rud in ord agus in eagar.


Pictiúr 5

Ag an am céanna bhí Peadar agus Pól gnóthach sa chistin. Bhí deatach i ngach áit agus bhí sé deacair aon rud a fheiceáil. Phioc siad suas dá mhúchtóir tine agus d'éirigh leo an tine a mhúchadh. Bhí lúcháir an domhain orthu, ach thuig siad freisin go mbeadh íde béil i ndán dóibh i ndiaidh dóibh a bheith chomh faillíoch agus amaideach sin sa chistin.

Pictiúr 6

Bhí díomá an domhain ar na daltaí nuair a bhí orthu filleadh ar ais chuig na ranganna. Ba chraic iontach é an tine dóibh. Bhí Iníon Uí Bhriain ar buile agus ar báiní leis na daltaí ar ais sa chistin. D'fhiafraigh sí dóibh ar fhoghlaím siad aon rud ón timpiste. Adhmaíodh nach raibh siad ullamh nó aireach ach mar a deir an seanfhocal 'ní féidir ceann críonna a chur ar ghualainn óig'.

Ag Campáil Cois Farraige



Pictiúr 1

An dara lá is fiche de Mhí an Mheithimh a bhí ann. Bhí an Ardteist díreach críochnaithe ag na buachaillí agus bhí laethanta saoire tuillte ag na buachaillí. D'iarr siad ar na tuistí an raibh cead dul go Loch Garman don deireadh seachtaine. Ní raibh mórán airgid acu agus bhí siad sásta fanacht in ionad campála. Bhí na tuismitheoirí lán sásta leis an smaoineamh seo.

Pictiúr 2

De ghnáth bíonn sé grianmhar an chuid is mó den am in oirdheisceart na tíre agus níor ligeadh síos na buachaillí. Bhí an ghrian ag spalpadh anuas orthu chomh luath is a shroich siad an t-ionad campála. Bhí siad ag fanacht díreach in aice na trá agus bhí áiseanna den chéad scoth le feiceáil ann.

Pictiúr 3

Níor cuireadh aon am amú. Bhí dath na gréine ag teastáil óna buachaillí. Ar aghaidh leo go tapa go dtí an trá. Luigh an bheirt acu faoin ngrian. Léigh Seán leabhar agus d'fhéach Damien amach ar an bhfarraige. Go tobann, d'éirigh an spéir dhorcha agus ansin i bpreabadh na súl, thit an tóin aisti. Níor chreid na buachaillí a mí-ádh.

Pictiúr 4

Rith na buachaillí lena ndá chos in airde ar ais chuig an ionad campála. Bhí tirimeacht a bpubaill de dhíth orthu. Creid é nó ná creid é bhí an ghaoth tar éis a bpuball a leagadh. Bhí fonn goil orthu. Bhí siad croíbhriste. An bhféadfadh sé seo tarlú dóibh i lár an tsamhraidh in Éirinn? An tOirdheisceart grianmhar a ghlaoitear ar an áit chomh maith.

Pictiúr 5

Bhí an bheirt acu fliuch go craiceann agus préachta leis an bhfuacht. Ghlaigh Seán abhaile agus d'éirigh leis labhairt lena athair. Dúirt a Dhaid leis go raibh óstán deas in aice láimhe. Bhí aithne aige ar an mbainisteoir chomh maith. Bhí áthas an domhain ar Sheán go mbeidís in ann lóistín a fháil don oíche.

Pictiúr 6

Bhí áthas an domhain ar an mbeirt a bheith slán sábháilte in Óstán na Faille. Ba óstán den chéad scoth é agus bhí na buachaillí ar mhuin na muice. 'Is olc an ghaoth nach séideann do dhuine éigin', a smaoinigh Seán leis féin. Bia, tirimeacht agus teas. Bhí na buachaillí lán sásta leo féin.

Fadhbanna Sóisialta ag Cur Isteach ar na Déagóirí



Pictiúr 1

Sa chéad phictiúr, bhí clár faisnéise ar an teilifís faoi fhadhbanna na n-óg sa lá atá inniu ann. Baineadh geit as Seán agus Aoife nuair a chuala siad an láithreoir ag caint faoi roinnt de na fadhbanna. Ba léir dóibh, áfach, go raibh an-chuid fadhbanna agus trioblóidí ag baint leis an aos óg

Pictiúr 2

An oíche dar gcionn, bhual Seán agus Aoife lena gcairde ag an gclub óige. Shuigh siad síos ar an tolg agus phléigh siad na fadhbanna go léir. D'iarr a gcara Pól orthu an raibh siad ag féachaint ar an gclár agus dúirt Máire go raibh na scéalta a chuala sí féin scanrúil. Bhí na déagóirí ar fad ar aon intinn faoi seo.

Pictiúr 3

I bpictiúr a trí, feicimid cuid de na cúiseanna a bhí taobh thiar de na fadhbanna seo, 'sé sin brú scrúduithe agus an brú uafásach a bhaineann le córas na bpointí. Dar le Seán agus Aoife, cuireann na rudaí sin an iomarca struis agus brú ar dhaoine óga.

Pictiúr 4

Ansin, feicimid íomhánna diúltacha de dhaoine óga. Bhí grúpa amháin déagóirí ag ól beorach agus bhí beirt eile ag ceannach agus ag díol drugaí mídhleathacha. Ar thaobh na láimhe deise, áfach, feicimid Garda ag tabhairt rabhaidh do dhaoine óga gan na rudaí sin a dhéanamh. Is cosúil nach raibh na daoine seo ag éisteacht leis!

Pictiúr 5

I bpictiúr a cúig, feicimid fadhbanna ag leanúint na ndaoine óga. Bhí cuid acu dífhostaithe agus bhí na scuainí ag an oifig leasa shóisialaigh ag éirí níos faide lá i ndiaidh lae. Bhí ar roinnt daoine mí-ámharacha eile Éire a fhágáil agus dul ar imirce toisc nach raibh aon obair ar fáil dóibh anseo. Bhí sé uafásach dóibh.

Pictiúr 6

I bpictiúr a sé, feicimid Seán agus Aoife ar ais ag caint faoi na fadhbanna seo go léir. Dúirt Aoife go raibh súil aici go dtiocfadh feabhas ar an scéal go luath. Bhí cuma an-bhuartha ar a haghaidh agus í ag caint. Is léir gur chuir na fíricí seo, faoi dhaoine óga an lae inniu, scanradh an domhain ar na déagóirí seo.

Robáil Bainc



Pictiúr 1

An Satharn a bhí ann agus bhí Áine sa chistin ag ól cupáin tae agus ag téacsáil. Ansin, fuair sí téacs teachtaireacht óna cara Róisín. Chuir Róisín ceist ar Áine dul ag siopadóireacht sa chathair in éineacht léi. Bhí áthas ar Áine agus ghlac sí leis an gcuireadh gan aon agó.

Pictiúr 2

Níos déanaí an lá sin, bhuail Áine le Róisín ag an stáisiún traenach. Cheannaigh na cailíní dhá thicéad fillte go Baile Átha Cliath. Ansin d'fhan siad leis an traein ar Ardán a dó. Bhí bean ina suí in aice leo. Bhí an ghrian ag taitneamh an lá sin agus tháinig an traein isteach gan mórán moille.

Pictiúr 3

Ar a haon déag a chlog, shroich na cailíní Sráid Uí Chonaill. Bhí an aimsir go hálainn agus bhí sé an-ghnóthach sa chathair an lá sin. Bhí na sluaite amuigh ag siopadóireacht. Ansin feicimid na cailíní ag siúl thar Bhanc na hÉireann.

Pictiúr 4

Go tobann, chonaic na cailíní beirt ghadaí ag rith amach ón mbanc. Bhí málaí airgead agus gunnaí ina lámha acu. Bhí eagla an domhain ar na cailíní. Baineadh geit mhór astu gan dabht. Gan mhoill, thóg Róisín amach a fón póca agus chuir sí fios ar na Gardaí. Bhí sí ag lorg cabhrach go tapaídh.



Pictiúr 5

Ansin feicimid gur tháinig na Gardaí ar an suíomh, ach scaoil na gadaithe urchar orthu. Lean na Gardaí iad in ainneoin sin, áfach, agus tar éis tamaill ghabh siad iad. Thóg na Gardaí na málaí airgead agus na gunnaí uathu agus ar aghaidh leo go dtí stáisiún na nGardaí. Baineadh geit as na gadaithe gan dabht. Ní raibh siad ag súil leis seo in aon chor.

Pictiúr 6

Tar éis na heachtra, chuaigh na Gardaí ar ais go dtí Áine agus Róisín agus ghabh siad buíochas mór leo. Dúirt na Gardaí gur chabhraigh na cailíní go mór leo breith ar na gadaithe. An tseachtain dar gcionn, tugadh na gadaithe os comhair na cúirte. Ciontaíodh iad ar ndóigh agus ghearr an breitheamh téarma príosúin orthu. Mar a deir an seanfhocal "filleann an feall ar an bhfeallaire".

Lá ag Cluiche Rugbaí i Stade de France



Pictiúr 1

Lá amháin bhí Seán, Cathal agus Tomás i gceaintín na scoile. Am lóin a bhí ann agus, nuair a bhí siad ag ithe an lóin, bhí na buachaillí ag caint faoin gcluiche idirnáisiúnta rugbaí a bheadh ar siúl Dé Sathairn i bPáras. Dar le Seán, bhí foireann na hÉireann an-mhaith agus bhí siad go léir ag tnúth leis an gcluiche.

Pictiúr 2

An Satharn ina dhiaidh sin, chuaigh na buachailli go dtí Aerfort Bhaile Átha Cliath. Bhí sceitimíní áthais orthu ag féachaint ar na heitiltí eile ag imeacht. Ansin nuair a shroich siad Páras, chuaigh na buachaillí ar thuras bus i lár na cathrach. Chonaic siad an Túr Eiffel agus na radharcanna eile. Bhain siad an-taitneamh as.

Pictiúr 3

Nuair a shroich na buachaillí an Stade de France, cheap siad gur radharc dochreidte a bhí ann. Nuair a chuaigh siad isteach, chuaigh siad go dtí an siopa bronntanas. Cheannaigh Cathal liathróid rugbaí dó féin. Bhí geansaithe, bróga peile agus rudaí eile ar díol sa siopa freisin. Bhí na buachaillí an-sásta leo féin.

Pictiúr 4

Ansin lean siad ar aghaidh go dtí an cluiche. Bhí an aimsir go hiontach agus bhí an t-atmaisféar leictreach sa staid. Bhí slua mór ann ag féachaint ar an gcluiche. Ag leath-ama, bhí Éire i dtrioblóid, áfach, mar bhí an Fhrainc naoi bpointe chun tosaigh. An scór a bhí ann ná Éire a trí agus an Fhrainc a dó dhéag.

Pictiúr 5

Sa dara leath, thosaigh an teannas ag éirí. Bhí an dá fhoireann i gclibirt. Buíochas le Dia, bhuaigh Éire an chlibirt agus bhí sceitimíní ar lucht tacaíochta na hÉireann faoin am seo. Rith Johnny Sexton suas na páirce leis an liathróid agus fuair sé úd álainn d'Éire. Bhí gach duine ag béicíl in ard a gcinn is a ngutha.

Pictiúr 6

Go gairid ina dhiaidh sin, fuair Tommy Bowe an liathróid agus thug sé cic mór di. Scóráil sé pointe agus sa deireadh bhí an bua ag Éire. Nuair a chríochnaigh an cluiche, bhí aon phointe 's fiche ag Éire agus bhí cúig phointe déag ag an bhFrainc. Lá stairiúil a bhí ann gan dabht agus bhí lúcháir ar na buachaillí go raibh siad ansin don ócáid mhór!

Turas Scoile.



Pictiúr 1

Bhí príomhoide na scoile ag iarraidh turas scoile a eagrú don Idirbhliain. Thug na daltaí a dtuairimí dó. Luadh an Róimh, Páras, agus sciáil ag an Nollaig. 'Is glas iad na cnoic i bhfad uainn', sin an rud a dúirt an príomhoide leo. Leis an gcúlú eacnamaíochta bhí sé ag smaoineamh ar champa eachtraíochta, áit éigin in Éirinn, chun airgid a shábháil.

Pictiúr 2

Chuaigh siad go dtí Campa Eachtraíochta Chonamara ar deireadh thiar thall. Bhí lóistín na mbuachaillí ar chlé agus bhí lóistín na gcailíní ar dheis. Ba lóistín iontach é, agus bhí gach duine breá sásta leis. Ní raibh sé fada go raibh gach duine réidh do na heachtraí éagsúla

Pictiúr 3

Briseadh na daltaí suas i ngrúpaí. Chuaigh grúpa amháin ag rothaíocht agus chuaigh grúpa eile ag dreapadóireacht. Bhí orthu clogad sábháilteachta a chaitheamh. B'iontach an spraoi agus an scléip é. Chuaigh grúpa amháin amach ar an uisce ag cadhcáil sna cadhcanna. Bhí orthu seaicéid tharrthála a chaitheamh. Tugadh compáis agus léarscáileanna do ghrúpa amháin don rianadóireacht.

Pictiúr 4

Cuireadh an-dúthracht agus iarracht isteach sna gníomhaíochtaí. Bhí iomaíocht ghéar ann idir na rannpháirtithe sa rianadóireacht. Ba é Pól an chéad duine isteach san uisce. Bhí an bua aige. Bhí na daltaí eile ag screadaíl agus ag béicíl, fad is a bhí seisean, ag trasnú an uisce.

Pictiúr 5

Bhí áthas an domhain ar na daltaí a scíth a ligean i ndiaidh an lae thuirsíúil a bhí acu. Bhí siad spíonta amach. D'fhan siad sa seomra suí. Sheinm Colm an giotár agus sheinm Ciara an bodhrán. Léigh daoine eile leabhar. Bhain gach duine spraoi as an tráthnóna.

Pictiúr 6

Bhí an príomhoide ag fanacht ar an mbus ar ais sa scoil. Bhí ríméad an domhain ar na daltaí faoin turas scoile. Bhain siad an-taitneamh as. Cheap siad go raibh sé thar barr. Cheap duine amháin go raibh sé níos fearr ná Páras fiú. Ghabh na daltaí buíochas lena múinteoirí nuair a bhí siad ag fágáil an bhus.

Obair Dheonach



Pictiúr 1

Lá amháin thug beirt bhuachaill, Seán agus Pól fógra faoi deara ar an mballa. "Cabhraigh le Clann Síomóin. Labhair leis an bPríomhoide", a bhí scríofa air. Spreag an fógra suim sna buachaillí. Dúirt Pól go bhfiosródh sé é. Bhí Seán toilteanach triall a bhaint as.

Pictiúr 2

Bhí eolas faoin obair ag teastáil óna buachaillí. Mar sin, chuaigh siad isteach go hOifig an Phríomhoide chun labhairt leis. Pacáil málaí a bhí i gceist leis an gcabhair agus bhí sé ceaptha a bheith ar siúl Dé hAoine óna ceathair a chlog go dtí a hocht san ollmhargadh áitiúil. Bhí Seán agus Pól ar aon intinn gurbh fhiú go mór tabhairt faoin obair fhiúntach seo.

Pictiúr 3

D'imigh an tseachtain go tapa agus ní raibh sé fada gur tháinig an Aoine. Ar aghaidh leis an mbeirt bhuachaill isteach san ollmhargadh chun labhairt leis an mbainisteoir. B'fhear cairdiúil é ach bhí sé údarásach ag an am céanna. Dúradh leis na buachaillí cuidiú leis na custaiméirí, gan iarraidh ar airgead agus a bheith néata, béasach, deas agus cairdiúil an t-am ar fad.

Pictiúr 4

Fógraíodh an bailiúchán thar an gcóras fógraí poiblí chun an phacáil a mhíniú do na custaiméirí. Chabhraigh an bhainistíocht leis an scéim mar thuig siad an seanfhocal 'de réir a chéile a thógtar na caisleáin' Bhí obair na gcapall á ndéanamh ag na buachaillí ag an bpacáil. Bhí siad dea-bhéasach agus díograiseach san obair a bhí idir lámha acu. Cheap bean amháin gur an-smaoineamh a bhí ann.

Pictiúr 5

Bhí an bheirt acu spionta amach faoin am a tháinig a hocht a chlog. Rinne siad imrisean mór ar an mbainisteoir. Dúirt sé leo go mbeadh post páirtaimseartha ag an mbeirt acu san ollmhargadh más mian leo. Bhí Seán agus Pól an-ríméadach faoin méid a bhailigh siad. D'éirigh leo dhá chéad caoga euro a bhailiú. B'fhiú iontach é sin.

Pictiúr 6

Dé Luain an dara lá de mhí Mheán Fómhair a bhí ann. Bhí slua mór bailithe sa seomra tionól. Bhí an bhean ó Chlann Síomóin ar scoil chun an seic a bhailiú ón bpríomhoide. Labhair an príomhoide go bródúil faoin éacht a rinne Seán agus Pól leis an méid sin airgead a bhailiú taobh istigh de cheithre huaire. Ghabh an bhean buíochas de gach duine a bhí páirteach. Dúirt sí leo go raibh sé ar intinn acu an t-airgead a chaitheamh ar bhia, ar fhothain agus ar sheirbhísí eile.

Ag toghadh scoláire na bliana



Pictiúr 1

Tháinig an príomhoide isteach chun labhairt leis an rang. Bhí sé ar intinn aici toghchán do scoláire na bliana a eagrú. B'ócáid speisialta í seo agus cuireadh in iúl do na daltaí go raibh duine le dea-thréithe agus le dualgais ag teastáil don duais.

Pictiúr 2

I ndiaidh machnaimh a dhéanamh ar a rogha dhalta, bhí ar na daltaí a vóta a chur isteach sa bhosca mór ag barr an tseomra. Ba phróiseas oifigiúil daonlathach é agus fuair gach dalta sa scoil cothrom na féinne. Ba é seo an chéad uair do roinnt dalta a bheith páirteach i dtoghchán den leithéid.

Pictiúr 3

Bhí toradh ag teastáil go tapa agus níor cuireadh aon am amú. Cuireadh tús leis an gcomhaireamh gan mórán moille, agus ní raibh sé fada go raibh buaiteoir faighte acu le tromlach na vótaí. Bhí ríméad an domhain ar na múinteoirí nach raibh orthu athchomhaireamh a dhéanamh ar na vótaí.

Pictiúr 4

Bhailigh slua mór isteach i halla na scoile. Bhí atmaisféar teannasach ann. Chloisfeá biorán ag titim nuair a sheas an múinteoir os comhair an tslua chun an toradh a léamh amach. Ní raibh aon duine cinnte dhearfa cén duine a mbeadh an bua acu.

Pictiúr 5

Chomh luath is a ghlaodh amach ainm 'Sandra Uí Cheallaigh', phléasc an slua amach ag screadaíl agus ag béicíl. Ba í rogha na coitiantachta agus bhí an bua lán tuillte aici. Ba chailín díograiseach cineálta í a ghlac páirt i go leor feachtas agus gníomhaíochtaí le linn a tréimhse ar scoil agus bhí chuile dhuine bródúil as an rogha.

Pictiúr 6

Bhí ionadh an domhain ar Sandra. Ba bheag nár thit sí i laige nuair a fógraíodh í mar bhuaiteoir. Ghabh na múinteoirí comhghairdeas léi agus cuireadh in iúl di arís gurbh í rogha mhór na coitiantachta. 'Mar a chuirfeas tú bainfidh tú', a dúirt na múinteoirí léi. Bronnadh an corn álainn ar Sandra os comhair an tslua.

Teip sa Scrúdú Tiomána



Pictiúr 1

Maidin álainn i Mí Lúnasa a bhí ann, agus bhí scrúdú tiomána ag Pól an mhaidin sin. Tháinig Daid Phóil chomh fada leis an Ionad Tástála in éineacht leis chun tacú leis. Bhí gach rud i gceart leis an gcarr, agus bhí an pláta foghlaimeora curtha suas aige. Bhí neirbhís an domhain ar Phól. Bhí a lámha fliuch le hallas agus bhí fonn músce air de bharr an teannais a bhí ina bholg. Ghabh Daid gach rath is séan ar Phól agus é ag fágáil nuair a dúirt sé "ádh mór".

Pictiúr 2

Tháinig an scrúdaitheoir amach chun bualadh le Pól. Fear óg a bhí ann le gruaig dhubh agus le féasóg. Chaith sé spéaclaí freisin. Bhí cuma dáiríre air. Dúirt sé le Pól gur mhaith leis tosú amach le cúpla ceist ar dtús. Bhí Pól réidh do na ceisteanna agus thosaigh sé ag mothú níos muiníne as féin. I ndiaidh na gceisteanna shuigh an bheirt acu isteach sa charr agus tugadh cead do Phól dul ar aghaidh.

Pictiúr 3

Tar éis cúpla nóiméad bhí gach rud ag dul ar aghaidh go breá. Bhí an scrúdaitheoir ag breacadh síos nótaí gan aon rud a rá le Pól. Thiomáin Pól timpeall cúinne agus d'aithin sé beirt chara a bhí aige. Gearóid agus Deirdre a bhí ann. Bheannaigh Deirdre Pól láithreach sa charr. Chuir sé seo áthas ar Phól agus bheannaigh sé an bheirt acu. Ní raibh aird Phóil dírithe ar an mbóthar agus ní raibh an scrúdaitheoir sásta leis seo ar chor ar bith.

Pictiúr 4

Go tobann bhí torann mór uafásach agus plab mór. Nuair a bhí Pól ag féachaint ar a chairde ní fhaca sé an carr a bhí díreach os a chomhair. Bhuail a charr isteach ar chúl cairr eile. Bhí an dá charr i smidiríní. Baineadh geit mhór as gach duine, agus bhí croí Phóil ag preabadh. Níor chreid aon duine fianaise a súile. Bhí sé seo dochreidte. Bhí Pól tar éis timpiste chairr a bheith aige ar a scrúdú tiomána. Ní chreidfí é.

Pictiúr 5

Léim fear amach as an gcarr eile. Fuarthas amach gurb é an tUasal Ó Néill. Fear cancrach a bhí ann le heaspa foighne. Ní raibh aon fhonn air éisteacht le leithscéalta Phóil. Cuireadh fios ar na Gardaí agus tháinig siad gan mhoill. Fiosraíodh an scéal agus fuarthas amach go raibh an locht ar fad ar Phól. Ní tharlódh sé murach a neamhaird ar an mbóthar. Ba é seo an chéad uair riamh a bhí an scrúdaitheoir tiomána i dtimpiste bhóthair. Bhí sé in umar na haimléise le céard a chonaic sé.

Pictiúr 6

Chuaigh Pól agus an scrúdaitheoir ar ais isteach san oifig. Ba léir go raibh an scrúdaitheoir ag iarraidh a bheith cúirtéiseach agus gairmiúil le Pól cé go raibh sé ar buile leis. Dúirt an scrúdaitheoir le Pól go mbeadh seans eile aige ach go mbeadh air cleachtadh a dhéanamh agus a bheith aireach ar an mbóthar. Is dócha gur smaoinigh an scrúdaitheoir ar an seanfhocal: 'Ní féidir ceann críonna a chur ar ghualainn óig'.

Bua sa Seó Tallainne



Pictiúr 1

Lá breá fómhair a bhí ann nuair a bhí ceathrar buachaill ar scoil. Tugadh faoi deara fógra ar an mballa faoi Sheó Tallainne Áitiúil a bheadh ar siúl i gceann trí mhósa. Bhí an-suim ag na buachaillí ann mar bhí duais mhaith ag baint leis. Ba mhór an tsuim airgid í míle euro.

Pictiúr 2

Chaith na buachaillí gach nóiméad a bhí acu ag cleachtadh. Bhí obair na gcapall á ndéanamh acu agus bhí siad ag obair ó dhubh go dubh seacht lá na seachtaine. 'Cleachtadh a dhéanann máistreacht', a dúirt siad leo féin. An Criú Craiceáilte ab ainm don bhanna ceoil agus bhí an iliomad uirlis cheoil acu. Bhí drumaí, veidhlín agus giotár acu.

Pictiúr 3

Bhí comhairle agus cúnamh ag teastáil óna buachaillí agus mar thoradh air sin, ghlac siad le tuairimí na ndaoine a raibh sásta cabhrú leo. Cheap daoine go raibh siad ag feabhsú ach go raibh sé de cheart acu amhrán éasca a chanadh ar an oíche. Tháinig an oíche chinniúnach ar dheireadh thiar thall. Bhí sceitimíní an domhain ar gach duine agus iad ag dul isteach go Halla an Phobail.

Pictiúr 4

Bhí caighdeán iontach ann ar an oíche agus bhí ar an gCriú Craiceáilte fanacht go dtí deireadh na hoíche. 'Is den tsuáilce an fhoighne', mar a deir an seanfhocal. Tugadh boladh bos den chéad scoth don bhanna ceoil nuair a tháinig siad amach ar an stáitse. Cé go raibh neirbhís orthu, d'éirigh leo a dtallann a thaispeáint don lucht féachana bríomhar a bhí ann ar an oíche.

Pictiúr 5

Ghabh fear an tí buíochas le gach iomaitheoir ar an oíche chomh maith leis an lucht féachana dílis a tháinig amach chun tacú leis an ócáid. Bhí atmaisféar iontach ann don oíche ar fad agus d'fhéadfá an t-atmaisféar a ghearradh le scian, díreach roimh fhógairt na mbuaiteoirí. Bhí ríméad an domhain ar an gCriú Craiceáilte nuair a fógraíodh iad mar bhuaiteoirí. Bronnadh seic orthu de luach míle euro.

Pictiúr 6

Scaip an scéal go tapa ar fud an bhaile mhóir gur bhuaigh na buachaillí. Bhí an fear óg a d'oibrigh sa siopa ceoil ag labhairt leo faoina mbua. Cé go raibh sladmhargadh ar siúl agus gach rud ar leathphraghas, bheartaigh siad an t-airgead a chur i dtaisce sa bhanc, in áit é a chaitheamh díreach ansin. Níl dabht ar bith ach go bhfuil todhchaí thorthúil i ndán don Chriú Craiceáilte.

Brontanas Costasach



Pictiúr 1

An cúigiú lá de mhí na Bealtaine a bhí ann. Ba é sin lá breithe Áine. Bhí muintir Áine sa chistin ag canadh 'Lá breithe sona duit' di. Bhí gach duine ag baint suilt as an lá. Bhí ríméad an domhain ar Áine nuair a chonaic sí an fón póca gleoite a bhí ceannaithe di mar bhronntanas.

Pictiúr 2

Ba dhuine cainteach í Áine agus thug an fón nua seo deis iontach di a bheith ag labhairt lena cairde faoina breithlá. B'iontach spraíúil iad a cairde chomh maith, agus lean na comhráite le fada agus d'fhéadfá a rá 'go n-aithníonn ciaróg ciaróg eile'. Labhair sí le hAoife agus le Pádraigín ar dtús ach bhí trí ghlaofós le déanamh aici an oíche sin.

Pictiúr 3

Bhí Áine ar aon intinn lena cairde faoin deireadh seachtaine. Bhí sé ar intinn acu dul ag siopadóireacht Dé hAoine chun éadaí deasa a cheannach don dioscó a bhí ar siúl Oíche Aoine. Bhí an-suim ag Áine i mbuachaill darb ainm Séan. Cheap sí go raibh sé go hálainn. Ach chuir a cairde an seanfhocal i gcuimhne di 'folaíonn grá gráin'.

Pictiúr 4

Bhí Áine ina haonar sa teach ar an dara lá déag de mhí an Mheithimh nuair a tháinig an chéad bhille teileafóin sa phost. Leath a súile le hiontas nuair a osclaíodh é. Ba bheag nár thit sí i laige. Níor chreid sí fianaise a súile. Tháinig an bille chuig céad fiche cúig euro agus tríocha is a cúig cent. Bhí a fhios ag Áine láithreach go mbeadh sí i dtrioblóid mhór lena tuismitheoirí.

Pictiúr 5

Bhí alltacht ar a hathair. Dúirt sé láithreach le hÁine nach raibh sí ag smaoineamh. D'ofráil a deirfiúr iasacht airgid di. Dúirt a deartháir léi go raibh an iomarca cainte á déanamh aici agus gur cheart di téacsteachtairachtaí a sheoladh in áit labhairt le daoine ar an bhfón. Bhí réiteach ag teastáil óna máthair. Ba í an duine stuama síochána a bhí ann.

Pictiúr 6

Chuaigh Áine i dtaithe ar an téacsáil. Ní raibh sé fada gur tháinig an chéad bhille eile sa phost ar an dara lá is fiche de mhí Lúnasa. Ba mhór an pléisiúr a thug Áine as an ísliú a bhí ann. Ní raibh sé ach cúig euro is fiche. Ní dhéanfadh sí an botún céanna arís ina saol mar bhí ciall ceannaithe aici.

Sláinte na n-Óg – Seachtain na Sláinte



Pictiúr 1

Bhí sé leathuair tar éis a deich agus bhí príomhoide na scoile ag caint le pobal na scoile ar an idirchum. Thug sí cúpla fógra is dócha, ach sa phictiúr seo, feicimid go raibh sí ag labhairt faoi Sheachtain na Sláinte ar scoil. D'iarr sí ar gach duine sa scoil páirt a ghlacadh sna himeachtaí go léir a bheadh ar siúl sa scoil mar chuid den tseachtain sin.

Pictiúr 2

Thosaigh an tseachtain le cluiche peile idir na múinteoirí agus na daltaí agus chruthaigh sé seo atmaisféar iontach sa scoil. Bhí spórt agus spraoi ag gach duine. Ansin, feicimid daltaí eile i rang aeróbaice sa halla spóirt. Bhí gach duine ag baint an-taitnimh as na himeachtaí éagsúla gan amhras ar bith.

Pictiúr 3

I bpictiúr a trí, feicimid gur ghlac lucht bialainne na scoile a bpáirt féin i Seachtain na Sláinte. Ní raibh ach bia sláintiúil ar an mbiachlár an tseachtain sin. Feicimid samplaí ar an mbiachlár den bhia sláintiúil a bhí acu, 'sé sin úlla, iógart agus arán donn tí. Bhí scuaine sa bhialann an lá sin. Ar an taobh eile den phictiúr sin, feicimid buachaill ag ithe burgair agus sceallóga agus ag ól cóc. Deirtear go minic go n-itheann daoine óga an iomarca bia míshláintiúil mar sin na laethanta seo.

Pictiúr 4

Tar éis sin, feicimid grúpa ón scoil ar shiúlóid urraithe. Bhí an tsiúlóid seo eagraithe mar chuid de Sheachtain na Sláinte agus, chomh maith leis sin, chun airgid a bhailiú le haghaidh trealamh spóirt nua don scoil. Bhí an t-ádh leo, mar bhí an ghrian ag spalpadh anuas orthu an lá áirithe seo.

Pictiúr 5

Tháinig aoichainteoir isteach sa scoil freisin, chun labhairt leis na daltaí faoi shláinte choirp agus aigne. Mhol sí dóibh dá mbeadh fadhbanna ar bith acu labhairt le daoine eile agus gan eagla ná náire a bheith orthu. Bhí na daltaí ag éisteacht go géar léi.

Pictiúr 6

Ansin tráthnóna Dé hAoine, ag ceathrú tar éis a dó, tháinig an príomhoide ar an idirchum arís. Dúirt sí go raibh sí fíorbhuíoch as pobal na scoile ar fad a ghlac páirt sna himeachtaí go léir agus go háirithe astu sin a d'eagraigh na himeachtaí. Dúirt sí freisin go raibh seachtain den scoth ag gach duine sa scoil agus mhothaigh sí féin an-bhródúil as an scoil dá bharr. Tá sé an-tábhachtach go deo béim a chur ar shláinte na n-óg i mo thuairim! Mar a deir an seanfhocal "is fearr an sláinte ná an táinte".

Samhradh Iontach



Pictiúr 1

Bhí sé ceathrú tar éis a trí sa tráthnóna agus bhí Áine agus Aoife ag spaisteoireacht sa bhaile mór. Bhí laethanta saoire an tsamhraidh acu agus bhuaill siad lena chéile taobh amuigh den séipéal. Bhí an aimsir go breá an lá sin agus bhí an ghrian ag taitneamh. Dúirt Áine go mbeadh samhradh den scoth acu agus d'aontaigh Aoife léi, ag rá go raibh a lán le plé acu. Shocraigh siad go rachaidís ag lorg poist.

Pictiúr 2

I dtús báire, chuaigh siad go dtí óstán áitiúil sa bhaile mór agus bhí agallamh acu le bainisteoir an óstáin ina oifig. Mar is léir ón bpictiúr, fuair an bheirt acu post agus, gan mhoill, thosaigh siad ag obair. Bhí siad ag cóiriú na leapa, ag glanadh agus ag folúsghlanadh sa phictiúr. Bhí siad an-bhuíoch as an obair agus cheap Áine go raibh an t-ádh dearg leo go raibh post acu.

Pictiúr 3

Ansin, a bhuí leis an airgead a fuair siad ón obair, chuaigh na cailíní ar saoire go dtí an Iodáil. Chuaigh siad ag siopadóireacht agus ag féachaint ar na radharcanna. Tá a fhios agam go raibh siad sa Róimh mar feicimid an Colasaem sa chúlra. Cheap Aoife go raibh an chathair sin gleoite agus an-suimiúil. Bhí siad ar a sáimhín só!

Pictiúr 4

Cúpla seachtain ina dhiaidh sin, nuair a tháinig na cailíní abhaile, bhí siad ag imirt peile leis an bhfoireann peile áitiúil agus bhuaigh siad an chraobh. Bhí sceitimíní áthais orthu nuair a leag siad a lámha ar an gcorn. Níos déanaí ansin, chuaigh siad go dtí an phictiúrlann agus bhain siad taitneamh as scannán maith. D'ith siad poparbhar agus d'ól siad cóc. Bhí an-saol acu!

Pictiúr 5

Ní dhearna na cailíní dearmad ar dhaoine bochta sa tír, áfach, agus mar a fheicimid ón bpictiúr seo, thosaigh siad ag obair le Cumann Naomh Uinseann de Pól. Bhí siad ag tabhairt bia do dhaoine bochta ar na sráideanna. Ghabh seanbhean bhocht amháin buíochas leo as an gcabhair a thug siad di. Ba chailíní carthannacha iad gan dabht.

Pictiúr 6

Sa phictiúr deireanach, bhí na cailíní ag caint faoin samhradh iontach a bhí acu. Deireadh an tsamhraidh a bhí ann anois agus bhí siad an-sásta leo féin. Dúirt Áine gurbh é an samhradh ab fhearr a bhí aici riamh agus d'fhreagair Aoife go raibh sí ag súil go mór leis an mbliain dar gcionn cheana féin. Samhradh iontach a bhí acu gan aon agó!